

CUID 8 FÓGRA POIBLÍ

AN TACHT UM PLEANÁIL & FORBAIRT 2000 (ARNA LEASÚ) NA RIALACHÁIN UM AN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2001 (ARNA LEASÚ)

De bhun cheanglais an mhéid thuas, tugtar fógra leis seo faoin togra chun an fhorbairt seo a leanas a dhéanamh ag Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas:

Forbairt an Phailiúin Seomraí Gléasta Spóirt atá Beartaithe i bPáirc Bhaile Choilín, Chluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 24.

Tá sé beartaithe Pailliún Seomraí Gléasta Spóirt a fhorbairt i bPáirc Bhaile Choilín, i mbaile fearainn Bhaile Choilín. Theas I gcomhréir le riachtanais an mhéid thuas, tugtar fógra leis seo go bhfuil sé beartaithe ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas na nithe seo a leanas a fhorbairt:

- Foirgneamh pailliúin aon stóir ina bhfuil sé sheomra gléasta foirne ar leith agus leithreas amháin ag an dá cheann, limistéar stórála amháin don chlub, agus seomra gléasra amháin, gach ceann acu le rochtain ar leith.
- 1 Saoráid stórála le haghaidh trealaimh le seomra Gléasra.
- Oibreacha tírdhreacha coimhdeacha in aice leis an bhfoirgneamh pailliúin
- Na hoibreacha coimhdeacha gaolmhara uile sna limistéir in aice láimhe lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do dhraenáil uisce salach agus dromchla agus soláthairtí fóntais
- CCTV

Rinneadh Scagadh le haghaidh Measúnacht Chúí ar an togra faoin Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) agus scagadh maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) faoin Treoir EIA 2014/52/AE. Tá réamhscrúdú déanta ag an Údarás Pleanála ar chineál, ar mhéid agus ar shuíomh na forbartha beartaithe. Tháinig an t-údarás ar an gconclúid nach bhfuil aon fhíor-dhóchúlacht ann go n-eascróidh éifeachtaí suntasacha ar an gcomhshaol as an bhforbairt bheartaithe agus rinneadh cinneadh nach bhfuil gá le MTT. Féadfaidh aon duine, laistigh de 4 seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo, iarratas a dhéanamh chuig an mBord Pleanála ar chinneadh scagtha i dtaobh ar dhócha go mbeadh éifeachtaí suntasacha ag an bhforbairt ar an gcomhshaol.

Tá pleananna agus sonraí na forbartha beartaithe ar fáil lena n-iniúchadh ar líne ar láithreán gréasáin Thairseach Comhairliúcháin Phoiblí na Comhairle (<http://consult.sdublincoco.ie>) le linn na tréimhse ón **28 Meán Fomhair 2024 go dtí an 9 Samhain 2024**.

Beidh pleananna agus sonraí clóite ar fáil lena n-iniúchadh nó lena gceannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnta a bhaineann le cóip a dhéanamh ag Halla an Chontae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 le linn uaireanta oifige ón **28 Meán Fomhair 2024 go dtí an 26 Deireadh Fómhair 2024**.

Féadfar aighneachtaí nó tuairimí maidir leis an bhforbairt bheartaithe a dhéileáil le pleanáil chúí agus forbairt inbhuanaithe an limistéir ina mbeidh an fhorbairt bheartaithe suite a dhéanamh i scríbhinn suas go dtí **5pm an 9 Samhain 2024** agus féadfar iad a chur isteach mar seo a leanas:

Aighneachtaí Ar Líne: <http://consult.sdublincoco.ie>

nó

Tríd an bPost:

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach

Timpeallacht, Uisce agus Athrú Aeráide,

Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Áras an Chontae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 YNN5.

NÓTA: Déan d'aighneacht trí mheán amháin, le do thoil. Ba chóir d'ainm agus seoladh teagmhála a bheith i ngach aighneacht. Ba chóir a thabhairt ar aird go mbaineann an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997-2006 (arna leasú) le gach taifead atá i seilbh Chomhairle Contae Átha Cliath Theas. Is féidir Ráitis Phríobháideachais Sonraí Pearsanta Chomhairle Contae Átha Cliath Theas a fheiceáil ag www.sdcc.ie agus coinneofar na sonraí pearsanta go léir de réir na gceanglas reachtúil.

Stiúrthóir, An Roinn Comhshaoil, Uisce agus Athrú Aeráide, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Halla an Chontae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.